

*'Mar oifigeach beartais ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, bím ag obair ar na himpleachtaí slándála a bhaineann leis an athrú aeráide. Braithim go dtugann sé an-spreagadh dom a bheith i dteagmháil le comhpháirtithe ar fud an domhain, ag déanamh machnaimh ar conas aghaidh níos fearr a thabhairt ar na hidirnaisc idir an t-athrú aeráide, an tslándáil agus an tsíocháin.'*

**Iina Lietzen (an Fhionlainn)**
**Oifigeach Beartais**
**An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí**



*'Tá bród orm as tionscadal dochreidte a sheoladh dar teideal DiscoverEU, rud a thugann deis do dhaoine 18 mbliana d'aois pas saorthaistil a bhaint. Caithim an lá ag déanamh teagmháil le daoine óga ar fud na hEorpa agus ag tógáil pobal de thaistealaithe DiscoverEU. Is díol sásaimh dom é go bhfuil tionchar ag an ról atá agam ar óige na hEorpa!'*

**Mathieu Orphanides (an Chipir)**
**Bainisteoir Cláir**
**An Coimisiún Eorpach**



*'Bím ag obair i dtimpeallacht ilteangach ina bhfuil raon leathan comhghleacaithe agam ó chúlraí gairmiúla agus cultúrtha éagsúla. Tá an t-ilteangachas i gcroílár Institiúidí an Aontais Eorpaigh agus is breá liom a bheith ag obair le daoine a bhfuil suim acu i ngnóthaí an Aontais Eorpaigh, san aistriúchán agus san ilteangachas!'*

**Niamh Mary O'Doherty (Éire)**
**Eagarthóir Teanga agus Proifléitheoir**
**Parlaimint na hEorpa**

eu careers

**Tá tuilleadh eolais ar ár suíomh gréasáin faoi dheiseanna in institiúidí an Aontais a bheidh ann go luath.**

**www.eu-careers.eu**

***Lean muid ar na meáin shóisialta:***

**EU Careers**

Publications Office of the European Union ISBN 978-92-95031-32-6 doi:10.2846/5113 OC-07-22-168-EN-C



# *An Eoraip a mhúnlú le chéile*

*www.eu-careers.eu*



# EPSO - Daoine a bhfuil gealladh fúthu a nascadh le Gairmréimeanna an Aontais Eorpaigh

Is é príomh-mhisean na hOifige Eorpaí um Roghnú Foirne (EPSO) riachtanais earcaíochta institiúidí an Aontais a chomhlíonadh trí iarrthóirí cumasacha a roghnú ó na comórtais ghinearálta agus na sainchomórtais a reáchtálann sé.
Ina cáil mar oifig idirinstitiúideach, tá EPSO freagrach as baill foirne a roghnú go príomha do Pharlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Coiste na Réigiún, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, an tOmbudsman Eorpach agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. Earcaíonn gach ceann de na hinstitiúidí sin baill foirne as measc na n-iarrthóirí a n-éiríonn leo agus a gcuireann EPSO ar fáil iad.

## Gairmréim leis na hinstitiúidí Eorpacha, gairmréim duitse?

*Más rud é...*

- gur saoránach den Aontais Eorpach thú,
- gur céimí thú ó réimse ar bith,
- go bhfuil tú líofa i dteanga amháin de chuid an Aontais Eorpaigh agus go bhfuil tú inniúil ar
- theanga eile de chuid an Aontais Eorpaigh,
- go bhfuil tú paiseanta faoi thionscadal an Aontais,
- go gcreideann tú i luachanna an Aontais amhail an tsíocháin, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas agus cearta an duine,
- gur mian leat cabhrú chun difríocht a dhéanamh i mbeartais a bhfuil tionchar acu ar na milliúin saoránach den Aontas,
- go bhfuil tú díograiseach faoi bheith ag obair i dtimpeallacht ilchultúrtha, inar sócmhainn í an éagsúlacht agus ina bhfuil comhdheiseanna ag gach duine

*...cuirimid **deis iontach** ar fáil duit.*

## Cad a chuirimid ar fáil?

Trína gcuid oibre, déanann baill foirne an Aontais gníomhaíochtaí de luachanna an Aontais, cuidíonn siad chun cinntí a mhúnlú agus cuireann siad pleananna i gcrích a mbíonn tionchar fairsing acu ar na milliúin saoránach den Aontas.
An tráth céanna, cuireann an tAontas réimse de shochair tharraingteacha ar fáil chun riachtanais phearsanta, airgeadais agus oideachasúla na foirne a chomhlíonadh.

- **Obair shuimiúil agus dhúshlánach**
- **Timpeallacht oibre idirnáisiúnta**
- **Dálaí oibre solúbtha**
- **Forbairt phearsanta ar feadh an tsaoil**
- **Soghluaisteacht post dár bhfostaithe**
- **Cothromaíocht idir an obair agus an saol**
- **Pacáiste sochar iomaíoch**
- **Foireann éagsúil ionchuimsitheach**




## Roghnaigh do ghairmréim

Cuireann an tAontas Eorpach fostaíocht ar fáil i gcatagóirí éagsúla foirne: oifigigh bhuana, baill foirne ar conradh agus baill foirne shealadacha, saineolaithe náisiúnta ar iasacht, oiliúnaithe agus baill foirne eile.
Is féidir leat gairmeacha éagsúla a roghnú de réir na mianta gairmiúla atá agat agus de réir do chúlra oideachais. Ag teacht isteach in institiúidí an Aontais Eorpaigh duit is cuma cé acu is próifíl 'ghinearálaí' (e.g. dlíodóir, eacnamaí, céimí sa riarachán poiblí) atá agat nó próifíl 'speisialtóra' (e.g. eolaí, teicneoir, oifigeach airgeadais, dochtúir, aistritheoir), is féidir tabhairt faoi chonairí gairme ina mbainfidh tú an leas is fearr is féidir as do chumais agus/nó as an taithí oibre atá agat.

*Féidearthachtaí gan áireamh*